RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1267 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Iúil 2022

lena sonraítear na nósanna imeachta chun saoráidí tástála de chuid an Aontais a ainmniú chun críocha faireachais margaidh agus fíoraithe ar chomhlíonadh táirgí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 ([1]), agus go háirithe Airteagal 21(9) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ceann de chuspóirí shaoráidí tástála de chuid an Aontais is ea cúnamh a thabhairt do na húdaráis faireachais margaidh náisiúnta ina gcuid gníomhaíochtaí trí rannchuidiú le cumas saotharlainne a fheabhsú i gcás catagóirí sonracha táirgí nó le haghaidh rioscaí sonracha a bhaineann le catagóir táirgí. Go háirithe, ba cheart a áirithiú leis na nósanna imeachta chun saoráidí tástála de chuid an Aontais a ainmniú go n-ainmnítear saoráidí tástála de chuid an Aontais i gcás ina bhfuil easpa cumais tástála saotharlainne ann.

(2) Chun easpa cumais saotharlainne a chosc, ba cheart rochtain leathan ar ainmniú a chur ar fáil. D'fhonn an rochtain sin a chur ar fáil agus chun trédhearcacht a áirithiú sa phróiseas as a n-eascraíonn ainmniú, ba cheart a chinneadh cé na saoráidí tástála poiblí de chuid na mBallstát atá le hainmniú mar shaoráidí tástála de chuid an Aontais tar éis glaonna ar léiriú spéise.

(3) Saoráidí tástála an Choimisiúin a ainmniú mar shaoráidí tástála de chuid an Aontais, ba cheart é sin a dhéanamh trí bhíthin ceapacháin dhírigh ag an gCoimisiún.

(4) I ngeall ar an líon ard catagóirí táirgí agus rioscaí sonracha a bhaineann le catagóir táirgí, ba cheart dul i gcomhairle leis an Líonra de chuid an Aontais um Chomhlíonadh Táirgí a bunaíodh faoi Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2019/1020 chun tosaíocht cheart na gcatagóirí sin agus na rioscaí sonracha sin a áirithiú.

(5) Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar ainmniú shaoráidí tástála de chuid an Aontais ar bhonn rialta chun a fhíorú go n-áirithíonn siad ardleibhéal comhsheasmhach tástála táirgí, agus go gcuireann siad comhairle theicniúil agus eolaíoch d'ardchaighdeán ar fáil.

(6) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón gcoiste a bunaíodh le hAirteagal 43(1) de Rialachán (AE) 2019/1020,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Nósanna imeachta chun saoráidí tástála an Aontais a ainmniú

1. Ainmneofar saoráidí tástála poiblí na mBallstát mar shaoráidí tástála de chuid an Aontais tar éis glao ar léiriú spéise, lena leagfar amach na coinníollacha maidir lena n-ainmniú.

2. Ainmneofar saoráidí tástála an Choimisiúin mar shaoráidí tástála de chuid an Aontais tar éis don Choimisiún ceapachán díreach a dhéanamh, lena leagfar amach na coinníollacha lena n-ainmniú.

([1]) IO L 169, 25.6.2019, lch. 1.

3. Roimh an ainmniú, rachfar i gcomhairle leis an Líonra de chuid an Aontais um Chomhlíonadh Táirgí a bhunaítear faoi Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2019/1020 ("an Líonra") maidir leis an dá rud seo a leanas:

(a) na catagóirí sonracha táirgí agus na rioscaí sonracha a bhaineann le catagóir táirgí ar gá saoráidí tástála de chuid an Aontais a ainmniú ina leith;

(b) na coinníollacha maidir le saoráidí tástála de chuid an Aontais a ainmniú, ionas go n-áiritheofar ardleibhéal comhsheasmhach tástála táirgí agus comhairle theicniúil agus eolaíoch d'ardchaighdeán.

Airteagal 2

Athbhreithniú ar an ainmniú

1. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhairle leis an Líonra, athbhreithniú ar ainmniú shaoráidí tástála de chuid an Aontais ar bhonn rialta chun a fháil amach an gcomhlíonann saoráidí tástála de chuid an Aontais na coinníollacha maidir lena n-ainmniú agus na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 21(3), (5) agus (6) de Rialachán (AE) 2019/1020.

2. Sa chinneadh maidir le saoráid tástála de chuid an Aontais a ainmniú, leagfar amach teorainn ama maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar ainmniú na saoráide tástála.

3. I gcás ina mainneoidh saoráid tástála de chuid an Aontais na coinníollacha maidir lena hainmniú agus na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 21(3), (5) agus (6) de Rialachán (AE) 2019/1020 a chomhlíonadh, déanfaidh an Coimisiún an t-ainmniú a tharraingt siar i gcás inarb iomchuí.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 20 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN